



Téarmaí agus Coinníollacha a bhaineann le bheith i do Mhac Léinn Cláraithe i gColáiste na Tríonóide

Chun an próiseas clárúcháin a chomhlíonadh, tá sé riachtanach go léadh agus n-aontódh gach mac léinn leis na téarmaí agus coinníollacha mar atá leagtha amach thíos go bliantúil. Leis sin, glacann tú, mar mhac léinn cláraithe, leis an méid seo a leanas.

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLACHA A BHAINNEANN LE CLÁRÚCHÁN MAC LÉINN 2022/23

Cosaint Sonraí:

- Is chun críocha oideachas a sholáthar agus chun críocha riaracháin agus coinneáil taifead a bhaineann leis sin atá Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath (an “Ollscoil”), ag bailiú sonraí pearsanta le linn clárúcháin. Déanfar próiseáil ar na sonraí pearsanta uile a bhailítear de réir an Achta um Chosaint Sonraí 2018 agus An Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí 2016/679 (GDPR). Le haghaidh tuilleadh eolais ar phróiseáil do chuid sonraí pearsanta, féach ar Fhógra Príobháideachais Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath ag an [nasc](#) seo a leanas.
- Cuireadh in iúl dom go mbailítear sonraí pearsanta ar chúlra míchumais, sóisialta, eacnamaíoch agus cultúir mac léinn fochéime a thagann isteach san Ollscoil don chéad uair i mbliana, agus nach bhfuil sé éigeantach na ceisteanna ar leith seo a fhreagairt agus nach ndéanfaidh sé dochar ar aon bhealach dom gan freagra a thabhairt orthu.
- Cuirfear sonraí roghnaithe ar fáil do chomhlachtaí ábhartha nuair a bhíonn oibleagáid reachtúil agus bunús dlí ar Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath a leithéid a dhéanamh, mar shampla don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, don Údarás um Ard-Oideachas (HEA) agus do Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI). Tabhair faoi deara le do thoil go roinnfear do shonraí leis an HEA ar mhaithe le leithdháileadh cistí, anailís staitistiúil agus ceapadh beartais de réir mar a éilítear in Acht an Údaráis um Ard-Oideachas 1971. Áirithe san fhaisnéis a roinntear tá ainm, seoladh, éirchód, Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP), stádas deontais agus sonraí maidir leis An Lár-Oifig Iontrála (CAO). Tá an t-eolas iomlán maidir leis na sonraí a roinntear agus conas mar a bhaintear úsáid astu le fáil ag an [nasc](#) seo. Cuirfear eolas inaitheanta maidir le feidhmíocht acadúil ar fáil d’údaráis deontais nó urraíochta nuair is cuí agus is oiriúnach agus sin amháin. Cuirfear faisnéis ar fáil chun críocha staitistiúla do chomhlachtaí rialtais nó eile.
- D’fhéadfaí sonraí pearsanta a bhailítear ó mhic léinn idirnáisiúnta ó Iasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) a roinnt leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais de réir mar a éilítear faoi alt 8 den Acht Inimirce, 2003 chun bailíochtú agus dul chun cinn a dhéanamh le hiarratais ar víosa.



- D'fhéadfaí sonraí pearsanta a roinnt leis an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin agus le soláthraithe socrúchán sa chás go bhfuil tú cláraithe ar chúrsa ina bhfuil grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ag teastáil.
- Roinnfear fo-thacar de do shonraí pearsanta le Seirbhísí an Choláiste*, (*Tá liosta iomlán de chórais chomhéadain an Choláiste le fáil [anseo](#)) lena n-áirítear Lárionad Sláinte an Choláiste mar cheann de na príomhsheirbhísí tacaíochta mac léinn ar an gcampas. Tacaíonn tríú páirtí ar conradh leis an mbogearra a úsáidtear chun na sonraí seo a bhainistiú, agus beidh teacht ag an tríú páirtí sin ar na sonraí seo ó am go chéile ar mhaithe le tacaíocht theicniúil agus cothabháil.
- Tá na sonraí iomlána maidir le próiseáil do chuid sonraí pearsanta leagtha amach i bhFógra Príobháideachais Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath.
- D'fhéadfadh go mbeadh gá tuismitheoirí nó caomhnóirí atá ag éileamh sochair i ndáil lena leanaí (m.sh, sochar leanaí nó liúntas leanaí cleithiúnacha) a chur ar an eolas faoi stádas clárúcháin an mhic léinn lena mbaineann, de réir mar a éilítear faoi alt 238/1 de I.R. Uimh. 142/2007 – Na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Éilimh agus Íocaíochtaí Comhdhlúite agus Rialú) 2007.
- Coinneofar ainm, seoladh agus cúrsa(i) staidéir an mhic léinn chomh maith le faisnéis chuí Coláiste ar feadh tréimhse éiginnte agus féadfar iad a chur ar fáil do Chumann agus Iontaobhas Choláiste na Tríonóide, agus d'Fhondúireacht Choláiste na Tríonóide nuair is ceadmhach sin a dhéanamh. Roinnfear sonraí pearsanta le Forás & Alumni Choláiste na Tríonóide ar mhaithe le feidhmeanna reachtúla na hOllscoile a chomhlíonadh faoi alt 13 d'Acht na nOllscoileanna, 1997. Déanfar na sonraí pearsanta a roinntear le Forás & Alumni Choláiste na Tríonóide a phróiseáil de réir a [mbeartais phríobháideachais](#).
- Ní dhéanfar sonraí pearsanta a phróiseáil ach amháin mar a cheadaítear faoin dlí. Tá sé de cheart ag na daoine a chuireann sonraí pearsanta ar fáil rochtain a fháil ar na sonraí sin, iad a chur i gceart, iad a scriosadh agus iad a iompar agus tá na sonraí maidir leis sin leagtha amach i bhFógra Príobháideachais na hOllscoile. Déanfaidh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath próiseáil ar shonraí pearsanta de réir an Achta um Chosaint Sonraí 2018.

An Bhliain Acadúil 2022/23 – Teagasc agus Foghlaim Hibrideach i bhfianaise COVID-19

- Tuigim go mbeidh sé mar aidhm ag an Ollscoil, a mhéid agus is féidir, agus de réir chomhairle sláinte poiblí an Rialtais, teagasc aghaidh ar aghaidh a sholáthar.
- Is iad sláinte agus sábháilteacht na mac léinn agus na mball foirne tosaíocht na hOllscoile. Áit nach féidir foghlaim aghaidh ar aghaidh a éascú, mar gheall ar riachtanais maidir le scaradh sóisialta agus comhairle sláinte poiblí, beidh cur chuige hibrideach i gceist le soláthar an teagaisc agus na foghlama. Déanfar é sin a éascú trí léachtaí, ranganna teagaisc, measúnuithe, srl. ar líne.



- Tuigim go gcoimeádann an Ollscoil an ceart modhanna measúnaithe agus an t-amchlár do mheasúnaithe a leasú ar aon chúis agus ag uair ar bith le linn na bliana acadúla. Tá an teagasc agus na measúnuithe go léir ag brath ar chomhairle agus ar threoir sláinte poiblí de réir mar agus nuair a eisítear iad. Coimeádann an Ollscoil an ceart modhanna seachadta acadúla, an t-amchlár acadúil agus searmanais bhronnta céimeanna a leasú ar chúiseanna sláinte poiblí agus ag am ar bith le linn na bliana acadúla.
- Tuigim go bhféadfaí mo shonraí pearsanta a phróiseáil trí mheán taifeadtaí (trí léachtaí, seimineáir nó ranganna teagasc ar líne) agus déanfaidh an Ollscoil próiseáil ar na taifeadtaí sin de bhun Fhógra Príobháideachais na hOllscoile don teagasc agus don fhoghlaim ar líne.
- Ní mór do mhic léinn grianghraf pearsanta díobh féin a chur ar aghaidh dá gcárta Aitheantais Coláiste. Coimeádann an Coláiste an ceart a iarraidh ar mhic léinn aitheantas fótagrafach breise a chur ar aghaidh chun críocha deimhnithe. Déanfar aon chásanna de mhic léinn a bheith ag falsú grianghraf nó cártaí Aitheantais Coláiste a chinneadh i gcomhréir le Cuid III IOMPAR AGUS RIALACHÁIN AN CHOLÁISTE de chuid na Rialachán Ginearálta atá leagtha amach i bhFéilire an Choláiste. Tá mic léinn freagrach as bailíocht a ngrianghraif phearsanta chomh maith lena gcuid sonraí pearsanta mar atá leagtha amach ar an gcárta Aitheantais Coláiste a chinntiú. Ní ghlacann an Coláiste le haon dliteanas maidir le húsáid a bhaint as cártaí Aitheantais Coláiste atá falsaithe.

Rialacháin an Choláiste:

- Deimhním go bhfuil gach táille agus muirear atá dlite do Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath íoctha agam nó go n-íocfaidh mé féin go pearsanta astu nó go n-íocfaidh údarás ceadaithe astu thar mo cheann. D'fhéadfaimis do chuid faisnéise airgeadais a bhailiú ar mhaithe le hidirbhearta airgeadaíochta le mic léinn. Mura n-íocann an t-údarás ceadaithe gach táille agus muirear thar do cheann, déanfar an t-iarmhéid atá dlite a aistriú chugatsa, an mac léinn, le hóc.
- Cuireadh [Rialacháin an Choláiste](#) do mhic léinn (a chuimsíonn dul chun cinn acadúil, disciplín, áitreabh, béilí cuibhrinn agus ábhair eile) ar fáil dom agus déanaim iarratas ar chlárúchán de réir na bhforálacha atá leagtha amach i Rialacháin an Choláiste.
- Foilseofar ainmneacha lucht buaite duaiseanna faoi ainm chláraithe an mhic léinn.
- Tabharfar aitheantas go poiblí d'ainmneacha cláraithe mac léinn, an cineál céime agus grád (nuair is cuí) na céime nó dámhachtana eile a bhaintear amach ag searmanais bhronnta céimeanna nó dámhachtana eile.



- *(a) Táim os cionn 18 bliain d’aois agus leis seo déanaim iarratas ar bhallraíocht i gClub na gCumann.
- (b) Táim os cionn 18 bliain d’aois agus leis seo déanaim iarratas ar Chlub Aclaíochta Ollscoil Átha Cliath.
- (c) Táim os cionn 18 bliain d’aois agus leis seo déanaim iarratas ar bhallraíocht i gClub Goldsmith.
***Ní bhaineann le mic léinn atá faoi 18 bliain d’aois ar dháta clárúcháin.**
- Agus an próiseas clárúcháin ar líne curtha i gcrích, cuirfear ainm úsáideora agus pasfhocal de chuid Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ar fáil do gach iontrálaí nua go Coláiste na Tríonóide ionas go mbeidh teacht acu ar a gcuntas ríomhaire agus ríomhphoist pearsanta do Choláiste na Tríonóide. Tiocfaidh an t-ainm úsáideora agus an pasfhocal seo in áit ainm úsáideora agus pasfhocal an iarratasóra do my.tcd.ie. Éilítear ar gach mac léinn a gcuntas ríomhphoist do Choláiste na Tríonóide agus my.tcd.ie a sheiceáil go rialta mar gur chuig na cuntais seo a sheolfar comhfhreagras oifigiúil an Choláiste.
- Cuireadh [Cód Cleachtas do Mhic Léinn Choláiste na Tríonóide maidir le Míchumas](#) ar fáil anseo dom.
- Tuigim go bhféadfadh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath téarmaí & coinníollacha clárúcháin a leasú am ar bith trí fhógra réasúnach a thabhairt lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta, trí théarmaí athbhreithnithe a chur ar a shuíomh gréasáin <https://www.tcd.ie/academicregistry/student-registration/assets/world/TermsConditionsIR.pdf> agus a mbeadh tú faoi cheangal ag téarmaí agus coinníollacha leasaithe.